CÚIRT BHREITHIÚNAIS
AN AONTAIS EORPAIGH

## PREASEISIÚINT Uimh. 202/24

**Lucsamburg, 19 Nollaig 2024**

Breithiúnas na Cúirte i gCás C-295/23 | Halmer Rechtsanwaltsgesellschaft

# Féadfar rannpháirtíocht infheisteoirí airgeadais amháin i ngnólacht dlí a thoirmeasc

*Tá údar maith le toirmeasc den sórt sin chun neamhspleáchas na ndlíodóirí a ráthú*

Féadfaidh Ballstát toirmeasc a chur ar rannpháirtíocht infheisteoirí airgeadais amháin i gcaipiteal gnólachta dlí. Tá bonn cirt le srian den sórt sin ar an tsaoirse bhunaíochta agus ar an tsaorghluaiseacht chaipitil i ngeall ar an gcuspóir a áirithiú gur féidir le dlíodóirí a ngairm a chleachtadh go neamhspleách agus i gcomhréir lena n-oibleagáidí gairmiúla.

Tá agóid á déanamh ag an ngnólacht dlí Halmer Rechtsanwaltsgesellschaft os comhair Chúirt Ard-Dlíodóirí na Baváire i gcoinne cinneadh ó Chomhlachas Barra München an 9 Samhain 2021 lenar cúlghaireadh a chlárú leis an gcomhlachas barra toisc go bhfuair cuideachta faoi dhliteanas teoranta Ostarach scaireanna [1] ann chun críoch airgeadais amháin. Faoi reachtaíocht na Gearmáine is infheidhme ag an am, ní fhéadfadh ach dlíodóirí agus baill de ghairmeacha liobrálacha áirithe a bheith ina gcomhaltaí de ghnólacht dlíodóirí [2].

Chuir Ard-Chúirt na nDlíodóirí Bavárach ceisteanna ar an gCúirt Bhreithiúnais maidir le cé acu a bhí nó nach raibh an reachtaíocht sin ag luí le dlí an Aontais.

Freagraíonn an Chúirt **nach gcuireann dlí an Aontais** agus, go sonrach, saorghluaiseacht chaipitil agus an Treoir um Sheirbhísí [3], lena gcuirtear saoirse bhunaíochta in iúl go nithiúil**, cosc** ar reachtaíocht náisiúnta lena gcuirtear toirmeasc ar scaireanna i ngnólacht dlí a aistriú chuig infheisteoir airgeadais amháin [4] agus lena bhforáiltear, i gcás sárú ar an reachtaíocht sin, go ndéanfar clárú an ghnólachta leis an gcomhlachas barra a chúlghairm.

Tá údar leis an srian sin ar shaoirse bhunaíochta agus ar shaorghluaiseacht chaipitil ar chúiseanna sáraitheacha a bhaineann leis an leas ginearálta. Tá Ballstát i dteideal a mheas nach mbeadh dlíodóir in ann a ghairm a fheidhmiú go neamhspleách agus i gcomhréir lena oibleagáidí gairmiúla agus eiticiúla dá mba chuid de chuideachta é an dlíodóir sin ina raibh comhaltaí áirithe ina ndaoine a bhí ag gníomhú go heisiach mar infheisteoirí airgeadais amháin, gan cleachtadh mar dhlíodóir ná gairm eile a chleachtadh faoi réir rialacha inchomparáide. Ní théann srian den sórt sin thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir atá á shaothrú a bhaint amach.

**NÓTA:** Leis an tarchur chun réamhrialú, cuirtear ar chumas do chúirteanna agus binsí na mBallstát, i gcomhthéacs díospóid os a gcomhair, ceisteanna maidir le léiriú ar dhlí an Aontais Eorpaigh nó bailíocht gnímh de chuid na Aontais a tharchur chun na Cúirte Breithiúnais. Ní chinneann an Chúirt Bhreithiúnais an díospóid náisiúnta. Is faoin gcúirt nó binse náisiúnta atá sé an cás a chinneadh i gcomhréir leis an mbreith ón gCúirt Bhreithiúnais. Tá an bhreith sin ina ceangal, ar an gcaoi chéanna, ar chúirteanna agus binsí náisiúnta eile a n-ardaítear saincheist chomhchosúil os a gcomhair.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Foilsítear an téacs iomlán agus, i gcás inarb infheidhme, achoimre ar an mbreithiúnas ar shuíomh Gréasáin CURIA lá na fógartha.

Teagmhálaí preasa: Jacques Zammit ✆ (+352) 4303 3355.

Tá íomhánna den bhreithiúnas arna fhógairt ar "Europe by Satellite" ✆ (+32) 2 2964106.

**Fanaigí i dteagmháil linn!**

[1] Go sonrach, 51 de na 100 scaireanna.

[2] Trí mhodhnú ar Chód na nDlíodóirí Cónaidhme a tháinig i bhfeidhm an 1 Lúnasa 2022, leathnaíodh an fhéidearthacht sin chun go mbeadh feidhm aici maidir le comhaltaí de ghairmeacha liobrálacha eile.

[3] Treoir 2006/123/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 maidir le seirbhísí sa mhargadh inmheánach.

[4] Nach bhfuil sé i gceist acu gníomhaíocht ghairmiúil áirithe a fheidhmiú laistigh den ghnólacht dlí sin.